www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2014–2015

# Eolaíocht Teastas Dúbailte: Ceimic

## Aonad C1

## Ardsraith

**[GSD22]**

GSD22

**DÉARDAOIN 13 SAMHAIN 2014, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa in Ceist **6**.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, ar fáil leis an scrúdpháipéar seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Tá trí iseatóp nádúrtha ag an dúil carbón, $^{12}C$, $^{13}C$ agus $^{14}C$.

**(a)** Tarraing léaráid **lipéadaithe** d'adamh den iseatóp $^{13}C$ ina dtaispeántar **líon agus suíomh** na bprótón, na neodrón agus na leictreon.

[4]

**(b)** Mínigh cad chuige nach bhfuil aon lucht leictreach ag adamh de $^{13}C$.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(c)** Taispeántar thíos na cumraíochtaí leictreonacha de na hadaimh atá ag 5 dhúil dhifriúla, A, B, C, D, agus E.

| **dúil** | **cumraíocht leictreonach** |
|---|---|
| A | 2,8,8 |
| B | 2,8,8,1 |
| C | 2,6 |
| D | 2,1 |
| E | 2,8,2 |

Úsáid na litreacha A, B, C, D nó E leis na rudaí seo a roghnú:

**(i)** dúil neamh-imoibríoch

______________________________________________ [1]

**(ii)** dhá dhúil a fhaightear sa Ghrúpa chéanna den Tábla Pheiriadach

____________________ agus ____________________ [1]

**(iii)** dúil a bhfoirmeoidh a cuid adamh iain le lucht $2^-$.

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

2 Is aigéad láidir é aigéad sulfarach. Déanann sé imoibriú le hiodrocsaíd sóidiam de réir na cothromóide focal thíos:

hiodrocsaíd sóidiam + aigéad sulfarach → sulfáit sóidiam + uisce

**(a)** Scríobh cothromóid chothromaithe siombailí le cur síos a dhéanamh ar an imoibriú idir hiodrocsaíd sóidiam agus aigéad sulfarach.

_______________________________________________ [3]

**(b)** Cad chuige a dtugtar imoibriú **neodrúcháin** ar an imoibriú seo?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** Cad chuige a gcuirtear síos ar aigéad sulfarach mar aigéad **láidir**?

_______________________________________________


_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Cuirtear sampla de charbónáit chopair(II) sholadach le haigéad sulfarach caol mar a thaispeántar sa léaráid thíos.




**(i)** Cad é an dath atá ar charbónáit chopair(II) sholadach?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cuir síos ar an rud is féidir a bhreathnú ag tarlú san eascra i ndiaidh an charbónáit chopair(II) a chur leis an aigéad shulfarach chaol.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [4]

**(e)** Déanann aigéad sulfarach imoibriú le maignéisiam le gás hidrigine a tháirgeadh. Cuir síos ar thriail faoi choinne gás hidrigine.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 **(a)** Cuir síos ar an struchtúr agus ar an nascadh i miotal amhail cailciam.

Struchtúr: ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Nascadh: ______________________________

______________________________ [4]

**(b)** Déanann cailciam imoibriú le fluairín leis an chomhdhúil ianach, fluairíd chailciam, a fhoirmiú.

**(i)** Is ceachtar acu caitiain nó ainiain iad na hiain. Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma **caitian**.

______________________________ [1]

**(ii)** Cad é an struchtúr leictreonach (cumraíocht leictreonach) a bheadh ag ian cailciam agus ag ian fluairíde?

ian cailciam: ______________________________

ian fluairíde: ______________________________ [2]

**(iii)** Cad é foirmle na comhdhúile fluairíd chailciam?

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c) (i)** Tarraing léaráid phoncanna is cros leis an nascadh i **móilín** ocsaigine a thaispeáint.

[3]

**(ii)** Mínigh cad chuige a bhfuil fiuchphointe íseal ag an ocsaigin.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Sainmhínítear intuaslagthacht substainte mar uasmhais na substainte a thuaslagfaidh in 100 g d'uisce ag teocht tugtha.


**(a)** Cad chuige a bhfuil sé riachtanach **teocht an uisce** a lua nuair a thugtar intuaslagthacht substainte?

_______________________________________________

_____________________________________________ [1]

**(b)** Tá na chéad trí chéim in imscrúdú le hintuaslagthacht solaid in uisce ag teochtaí difriúla a fháil á dtaispeáint sna léaráidí thíos.

Comhlánaigh na treoracha a leagann amach na seacht gcéim phraiticiúla atá de dhíth leis an imscrúdú a dhéanamh.




Céim 1 Cuir 4 g de sholad isteach i bpromhadán fiuchta.

Céim 2 Cuir isteach _______________________________________________

_____________________________________________ [2]

Céim 3 Cuir an promhadán fiuchta isteach i ndabhach uisce agus déan é a théamh go dtí go bhfuil an solad uilig tuaslagtha.

Céim 4 Bain an promhadán fiuchta amach as an dabhach uisce agus

ansin fan go dtí _______________________________________________

_____________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


Céim 5 Déan an teocht a thaifeadadh.

Céim 6 Cuir isteach ________________________________________

________________________________________ [2]

Céim 7 Déan céimeanna 3 go dtí 6 cúig huaire.

**(c)** Bain úsáid as an chuar intuaslagthachta do shulfáit chopair(II) atá ar taispeáint thíos leis na ceisteanna a leanann a fhreagairt.




**(i)** Cad é intuaslagthacht sulfáit chopair(II) ag 60 °C?

________________________ g/100 g $H_2O$ [1]

**(ii)** Luaigh cé acu tuaslagán **sáithithe** nó **neamhsháithithe** atá sa mheascán seo a leanas agus mínigh do fhreagra.

**Meascán: 18 g de shulfáit chopair(II) curtha le 50 g d'uisce ag 40 °C.**

Sáithithe nó neamhsháithithe? ________________________

Míniú: ________________________________________

________________________________________

________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com



**5** Tugann an tábla thíos faisnéis faoi leáphointe, faoi fhiuchphointe agus faoi sheoltacht leictreach 4 shubstaint, A, B, C agus D.
Úsáid an fhaisnéis sa tábla leis na ceisteanna a leanann a fhreagairt.

| **substaint** | **leáphointe /°C** | **fiuchphointe /°C** | **seoltacht leictreach** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **soladach** | **leáite** |
| A | –182 | –161 | ní sheolann | ní sheolann |
| B | 660 | 2500 | seolann | seolann |
| C | 808 | 1465 | ní sheolann | seolann |
| D | 3652 | 4200 | seolann | seolann |

**(a)** Sainaithin an tsubstaint A, B, C nó D:

**(i)** ar gás í ag teocht an tseomra

______________________________________________ [1]

**(ii)** atá ann mar iain atá luchtaithe go hurchomhaireach i laitís ollmhór ianach

______________________________________________ [1]

**(iii)** atá ann mar mhóilíní beaga

______________________________________________ [1]

**(iv)** arbh fhéidir gurbh alúmanam í

______________________________________________ [1]

**(b)** Tá struchtúr ollmhór comhfhiúsach ag graifít.
Mínigh cad chuige a bhfuil leáphointe na graifíte thar a bheith ard.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Mínigh cad chuige ar féidir le graifít leictreachas a sheoladh.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(d)** Is allatróip iad diamant agus graifít den dúil carbón.

Cad é is allatróip ann?


Is é is allatróip ann ná ______________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

6 Seasann an léaráid thíos don fhearas, agus é curtha le chéile, a úsáidtear le seoltacht bhróimíd luaidhe(II) a imscrúdú.




| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

Cuirtear sampla de bhróimíd luaidhe(II) sholadach sa bhreogán. Cuirtear an lasc chuig an tsuíomh AR **sula** ndéantar an bhróimíd luaidhe(II) sholadach a théamh.

**Cuir síos ar** agus **mínigh** na breathnuithe a rinneadh:

- sa chiorcad leictreach
- ag an anóid

agus an bhróimíd luaidhe(II) á téamh.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa, lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíocha.**

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [6]

www.xtrapapers.com

7 Nuair a dhéantar gás clóirín a bhoilgearnú isteach i dtuaslagán éadathach d'iaidíd photaisiam, foirmítear tuaslagán daite.

**(a)** Ainmnigh an **cineál** imoibrithe a tharlaíonn idir clóirín agus iaidíd photaisiam.

______________________________________________________________________ [1]

**(b)** Mínigh cad chuige a bhfoirmítear tuaslagán daite san imoibriú.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [3]

**(c)** Scríobh cothromóid **ianach** don imoibriú idir clóirín agus iaidíd photaisiam.

______________________________________________________________________ [3]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.